Splanc 2021-2022

Caibidil 2

Ceisteanna, tascanna, scéalta eile agus freagraí

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Bunú an tSaorstáit 1922

Ní chuirimse mórán suime sa stair. Is dóigh liom gur fearr na rudaí a tharla fadó a fhágáil san am atá thart agus díriú ar an am i láthair, mar aon le pleanáil a dhéanamh don am atá le teacht.

Cén fáth, mar sin, a bhfuil mé ag scríobh faoi bhunú an tSaorstáit céad bliain ó shin? Mar go dtaitníonn saoirse liom. Ó bhuail *CÓIVID* an tír seo, tá tuiscint nach beag againn ar an gciall atá le saoirse phearsanta – agus samhlaímse a bheith beo ag am nach raibh an tsaoirse againn ár gcinntí náisiúnta féin a dhéanamh. Is nós linn talamh slán a dhéanamh de go mbeidh na polaiteoirí a thoghaimid ar an eolas faoin saol is fearr a oireann dúinne mar náisiún

Ba bheag aithne a bhí ag muintir na Breataine orainn, i ndáiríre, agus d'fhág sé sin go leor péine, fulaingthe, agus dúshlán ag muintir na hÉireann ina saol laethúil. An bhfuil saol níos fearr againn anois? Gan amhras, tá! An bhfuil saoirse againn anois? Sin ceist eile ar fad, ach ar a laghad, tá tír dár gcuid féin againn, bíodh sí maith nó olc. Ceiliúraimis é sin.

talamh slán a dhéanamh de = glacadh le

Ceisteanna

1 Cad a bunaíodh 100 bliain ó shin?
2 Cén tábhacht a bhain leis an mbunú sin?
3 An bhfuil suim agat sa stair?
4 An dóigh leat go bhfuil saoirse agat? Cén fáth?
5 Luaigh trí chás ina bhfuil saoirse agat, agus trí chás nach bhfuil saoirse agat.

Dúshlán Duit

Aimsigh a oiread focal agus is féidir leat a bhfuil baint acu leis an téama san alt thuas, agus a thosaíonn leis an litir *c*.

Crosfhocal na saoirse!



Trasna

2 Cad ba chóir dúinn a dhéanamh ar son na tíre anois? (10)
3 Cad a tugadh do mhuintir na tíre seo de bharr bhunú an tsaorstáit? (7)
4 Uimhir iolra de 'cinneadh'? (6)

Síos

1 Cad a bunaíodh 100 bliain ó shin? (8)
2 Céard a bhain saoirse dínn le cúpla bliain anuas? (5)
4 Cé mhéad bliain ó shin a bunaíodh an náisiún seo? (4)

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Jíons

An raibh a fhios agat go ndearnadh jíons den chéad uair sa bhliain 1873 – agus gur ainmníodh iad as baile san Iodáil, Genova, áit a ndéantaí bríste cadáis chorda an rí, ar a dtugtaí *jean/jeane*.

Ba iad Jacob Davis agus Levi Strauss a rinne ar dtús iad, nuair a d'ordaigh Davis, fear oibre, bríste a bhí láidir go leor don obair. Úsáideadh an dath dúghorm mar gheall ar an obair a bhí ar siúl ag na fir a chaith iad – bhí sé ní ba dheacra an salachar a fheiceáil ar dhath dorcha.

Ba shiombail den obair ar dtús na jíons céanna. Ansin ba shiombail den easumhlaíocht iad nuair a chaitheadh daoine óga iad i gcoinne thoil daoine fásta. Anois, is earra faisin iad agus is beag duine nár chaith riamh iad!

Ní dúghorm amháin a bhíonn siad na laethanta seo, ach bán, dubh, liath agus go leor dathanna eile.

Déanta as deinim, bíonn siad stróicthe uaireanta, maisiú le feiceáil orthu uaireanta eile, gearrtha don samhradh agus tá dhá ainm ag Gaeilgeoirí orthu – jíons nó bríste géine.

cadás *cotton* easumhlaíocht *disobedience*

Ceisteanna

1 Cad as ar tháinig an t-ainm *jíons*
2 Cé a rinne ar dtús iad?
3 Cad chuige ar úsáid siad dath dúghorm?
4 Cad deirtear faoi na daoine óga a thosaigh ag caitheamh jíons?
5 Céard iad na stíleanna a bhíonn ann inniu?

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Tuilleadh le déanamh!

- Déan suirbhé ranga ar na jíons atá agaibh faoi láthair. Cuir taispeántas le chéile d'íomhánna díobh. Roghnaigh an péire is mó a thaitníonn leat as an rogha.
- Ainmnigh éadaí, seachas brístí, a dhéantar as denim.
- Déan taighde ar an idirlíon agus faigh tuilleadh eolais faoi stair jíons. Scríobh alt faoi.
- Dear péire jíons agus taispeáin don rang é ar pháipéar nó ar jíons féin. Déan cur síos ar an méid a rinne tú.
- Samhlaigh an comhrá a bhí idir an custaiméir, Jacob Davis, agus Levi Strauss agus iad ag teacht ar phlean gnó a thosú chun jíons a dhíol.

Am

Seans gur thug tú faoi deara le roinnt blianta anuas go raibh caint ann faoi deireadh a chur leis an am luath. De bharr na ndúshlán a chruthaigh *CÓIVID-19* don domhan mór, cuireadh siar an cinneadh sin agus chuaigh na cloig siar mar ba ghnách ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021. Amach anseo, gan sprioc faoi leith a bheith ann dó go fóill, a chuirfear deireadh leis an nós na cloig a chur siar nó chun tosaigh.

Am coigilte sholas an lae a thugtar ar an nós na cloig a chur siar, an t-am luath/nua a thugtar ar an am sin sa samhradh – agus an t-am mall a thugtar ar an am sa gheimhreadh.

Tarlaíonn an nós seo i mballstáit an Aontais Eorpaigh, i Meiriceá agus i gCeanada, ach ní tharlaíonn sé sa tSeapáin, sa tSín ná san India.

Déantar é chun leas a bhaint as solas an lae le linn an tsamhraidh agus chun tuilleadh ama a chaitheamh sa leaba le linn dorchadas an gheimhridh. Cé go ndeirtear gur mhol Sasanach é, ba iad na Gearmánaigh, sa chéad chogadh domhanda, a thosaigh an nós. Ba ghairid ina dhiaidh sin gur lean tíortha eile iad.

Sa bhliain 2019, vótáil Parlaimint na hEorpa ar son deireadh a chur leis an nós agus bhí an t-athrú ama deireanach le bheith ann in Earrach 2021. Ní fios go fóill cén uair a dhéanfar an t-athrú.

coigil = spáráil *save*

Ceisteanna

1 Cad is brí le 'am luath'?
2 Ainmnigh trí thír ina mbíonn am coigilte sholas an lae i bhfeidhm.
3 Cén fáth ar tháinig sé isteach an chéad lá riamh?
4 Ainmnigh an chéad tír a thug isteach an nós.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Meaitseáil na tíortha atá in aice a chéile ar léarscáil.

1 Ceanada	**A** An tSeapáin
2 Éire	**B** An Nua-Shéalainn
3 An tSín	**C** Sasana
4 An Spáinn	**D** Meiriceá
5 An Ghearmáin	**E** An Iodáil
6 An Astráil	**F** An Fhrainc

Cuir ciorcal thart ar an gceann corr anseo.

am luath *am nua* *seanam*
am mall *am coigilte sholas an lae*

Liostaigh na focail ar fad is féidir a thosaíonn leis na litreacha *am*. (Cuir leis an liosta thíos.)

1 am
2 ama
3 amaideach
4 ?
5 ?
6 ?

Bígí ag caint!

Obair bheirte

Tá foirm CV le lionadh agaibh i nGaeilge. Mar ullmhúchán chuige sin, cuirigí na ceisteanna thíos ar a chéile agus freagraígí beirt gach ceann acu.

1 Cad is sloinne duit?
2 Céard é do chéadainm?
3 Cén dáta breithe atá agat?
4 Cén seoladh ríomhphoist atá agat?
5 Cén seoladh baile atá agat?
6 Cad é an t-éirchód atá agat?
7 Cén uimhir theileafóin atá agat?
8 Ainmnigh an bhunscoil ina raibh tú.
9 An bhfuil seoladh na scoile sin ar eolas agat?
10 Cén caitheamh aimsire atá agat?
11 Ar bhain tú gradam amach riamh?
12 An raibh post páirtaimseartha agat riamh? Má bhí, tabhair sonraí.

Anois líonaigí isteach an fhoirm thíos.

Sloinne	
Céadainm	
Dáta breithe	
Seoladh ríomhphoist	
Seoladh baile	
Éirchód	
Uimhir ghutháin	
Bunscoil	
Meánscoil	
Caitheamh aimsire	
Gradaim	
Post a bhí agat	
Scileanna eile	
Dáta	
Síniú	

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Ní fada anois go mbeidh sibh in ann cur le bhur CV! Mar sin, cuirigí na ceisteanna eile seo ar a chéile.



- Céard iad na scileanna nua a d'fhoghlaim tú san idirbhliain?
- Ar fhoghlaim tú teanga nua?
- Ar fhoghlaim tú conas uirlis nua cheoil a sheinm nó ar chuir tú leis na scileanna ceoil a bhí agat cheana?
- Ar thosaigh tú ag imirt spóirt nua?
- Ar chuir tú isteach ar chomórtas ar bith?
- Ar bhain tú gradam amach?
- Ar thug tú cúnamh d'aon charthanacht?
- Ar éirigh leat taithí oibre a fháil?
- Ar chuir tú le do scileanna taighde?
- Ar tháinig feabhas ar do scileanna cur i láthair, idir chur i láthair os comhair grúpa agus chur i láthair i dtionscadail?
- An raibh tú i do bhall de choiste ar bith?
- Ar ghlac tú páirt in aon dráma?
- Ar ghlac tú páirt i gceoldráma?

Léigí na habairtí thíos agus, i gcás gach ceann díobh, abraigí an bhfuil sí fíor nó bréagach. Má tá sé bréagach, tugaigí an leagan fíor.

1 Déanann gach dalta scoile in Éirinn an idirbhliain.
2 Déantar an idirbhliain sa cheathrú bliain i scoileanna dara leibhéal.
3 Bíonn deis i gcónaí teanga nua a fhoghlaim san idirbhliain.
4 Múintear Sínis do gach dalta idirbhliana sa tír seo.
5 Eagraítear comórtais díospóireachta Gaeilge do dhaltaí na hidirbhliana.
6 Is gnách do rang na hidirbhliana sa scoil seo againne dráma a chur ar stáitse.
7 Chaith (Caithfidh) muintir na hidirbhliana deireadh seachtaine sa Ghaeltacht.
8 Is nós é in Éirinn gach rang idirbhliana a thabhairt ar turas go Páirc an Chrócaigh.
9 Déantar staidéar ar na trí ábhar éigeantacha – is é sin le rá, Gaeilge, Béarla, agus mata – sa rang idirbhliana i ngach scoil sa tír.
10 Is fiú go mór an idirbhliain a dhéanamh.

éigeantach *compulsory*

Nach air a bhí an t-ádh!

Bhain Hansle Parchment clú agus cáil amach dó féin agus dá thír dhúchais, Iamáice, nuair a bhuaigh sé bonn óir sa chliathrás 110 méadar ag na Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo anuraidh.

Ach, creid nó ná creid, ba bheag nach raibh sé in am chun páirt a ghlacadh sa chraobh! An mhaidin sin thaistil sé ar bhus saor in aisce na rannpháirtithe. Níor ghá dó aon airgead a thabhairt leis. D'éist sé le ceol ar an mbealach.

Ach nuair a stad an bus, fuair sé amach go raibh sé ar an mbus mícheart agus go raibh sé san áit ina raibh an spórt uisce ar siúl in ionad a bheith sa staid lúthchleasaíochta!

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Ní gá a rá go raibh sé trí chéile agus faoi bhrú ama ansin. Labhair sé le treoraí. Ghlac sise trua dó agus thug sí an t-airgead dó as a póca féin chun tacsaí a fháil.

Ar ndóigh, smaoinigh sé uirthi tar éis dó an bonn óir a thabhairt abhaile leis agus é ag insint an scéil dá theaghlach is dá chairde. Bheartaigh sé dul i dteagmháil léi agus d'éirigh leis. Thaispeáin sé an bonn dí agus d'aisíoc sé an t-airgead léi.

Cuireadh barr maise ar an scéal, áfach, nuair a thug Aire Turasóireachta Iamáice cuireadh di teacht ar saoire chuig an tír – saoire álainn, saor in aisce, don bhean fhlaithiúil chineálta a chabhraigh le Hansle, laoch na tíre!

cliathrás *hurdle race*
barr maise a chur ar scéal *to crown a story*

Ceisteanna

1 Ainmnigh an tír arb as Hansle Parchment?
2 Cén chaoi ar bhain sé cáil amach dá thír?
3 Cén fáth nach raibh aon airgead aige?
4 Cén buntáiste a bhain an bhean as an ngníomh carthanach a rinne sí?
5 Cén sórt duine é Hansle Parchment, dar leat?

Obair bhreise

An féidir libh na hanagraim thíos a scaoileadh? Ar ndóigh, tá gach focal le feiceáil sa sliocht!

nnob hgalc uart prtái ttsiialh sub sáriahtlc choal.

Is iomaí duine a bhíonn cineálta agus a dhéanann gar do dhuine eile. An bhfuil scéal den sórt sin agat le hinsint don rang?

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Carn seanearraí!

Dún do shúile ar feadh nóiméid agus smaoinigh ar an méid daoine a dhéanann uasghrádú ar fhón póca gach bliain. Samhlaigh na fóin sin ar fad os ár gcomhair in aon charn amháin agus feicfidh tú sliabh mór fóin phóca!

Ar ndóigh, is breá le gach comhlacht neart earraí a dhíol. Níl aon deireadh le fógraí ag insint dúinn faoi na buntáistí a bhaineann leis an bhfón is déanaí.

Is fíor go gcaitear amach níos mó ná fóin phóca in aois seo na teicneolaíochta, áfach. Céard faoi na ríomhairí, na táibléid, na teilifiseáin, na callairí, na luchtairí agus na méarchláir a chaitear amach lá i ndiaidh lae?



Ní ar an tomhaltóir atá an locht is mó, áfach. Glactar leis go bhfuil fadhb ag baint le dearadh na nithe seo ar fad. Níl sé i gceist ag aon chomhlacht go leanfaidh go leor díobh níos faide ná, ar a mhéad, cúig bliana.

"Cúig bliana, a deir tú? Ní fhéadfainn fanacht cúig bliana chun fón nua a cheannach!"

Faoi dheireadh, áfach – agus tá sé thar am – tá brú ag teacht ar chomhlachtaí earraí níos buaine a dhéanamh agus athrú a dhéanamh ar an dearadh. Ceann de na moltaí is ciallmhaire atá ann ná gach páirt a bheith déanta ar an gcaoi gur féidir é a cheannach as féin in ionad an t-earra ar fad a bheith gan mhaith nuair a theipeann ar pháirt amháin.

luchtaire *charger* tomhaltóir *consumer*
uasghrádú *upgrade* dearadh *design*

Ceisteanna

1 Céard a mholann an t-údar duit a shamhlú nuair a dhúnann tú do shúile?
2 "Caitear amach níos mó ná fóin phóca in aois seo na teicneolaíochta." Céard eile a chaitear amach, de réir an eolais sa sliocht?
3 Cén fáth a gceapann an t-údar nach ar an tomhaltóir atá an locht is mó, dar leat?
4 An aontaíonn tú leis an smaoineamh gur cheart do chomhlachtaí earraí níos buaine a dhéanamh?

Bíodh plé ranga agaibh ar an rún seo a leanas.

Is gá fón póca a uasghrádú go minic.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Crosfhocal daoibh



Trasna

3 gnólacht, cuideachta (9)
7 gléas a mbíonn nithe mar an nuacht agus cláir eile ar siúl air (11)
9 Oibrítear é seo leis na méara! (9)
10 cuid, píosa (5)
12 feabhsú chun dáta (9)
13 _____ glúine? (9)

Síos

1 teachtaireacht scríofa ar ghuthán (5)
2 fabht, máchail, easnamh (5)
4 guthán (3)
5 bomaite (7)
6 siosmaideach, stuama (9)
8 nithe ar díol (6)
11 cruach, moll, cnap (4)

Baile Shláine an cheoil!

Ba sa bhliain 1981 a reáchtáladh an chéad cheolchoirm phoiblí ar shuíomh an chaisleáin mhaorga i mBaile Shláine, Contae na Mí. Is iomaí duine a d'fhreastail ar cheolchoirmeacha ann ó shin agus a chan in ard a chinn is a ghutha le banna cáiliúil éigin.

Creid nó ná creid, tá fear amháin as Contae na Mí a bhí i láthair ag gach aon cheann de na ceolchoirmeacha sin. Ní raibh sé ach ceithre bliana déag d'aois sa bhliain 1981, ach toisc go bhfuil cónaí air deich míle ó Bhaile Shláine, bhí sé éasca dó a bhealach a dhéanamh chuig an gceolchoirm inar sheinn *Thin Lizzy*, *U2* agus Hazel O'Connor. Ar cuireadh ó Lord Mount Charles a sheinn na bannaí sin ar fad ar an bplásóg féir os comhair an chaisleáin an oíche sin.

Ó shin i leith, eagraíodh ceithre cheolchoirm is fiche ar thalamh an chaisleáin. Tá duille ticéid do gach ceann díobh siúd ina theach i gContae na Mí ag an bhfear a luadh thuas. Tá sé anois ceithre bliana is caoga d'aois – agus é an-bhródúil go deo as an mbailiúchán duillí atá aige. Tá siad curtha i bhfráma aige agus iad ar taispeáint ar bhalla ina theach.

Meas tú, an bhfuil aon duine eile sa tír atá in ann a mhaíomh gur fhreastail sé ar gach ceolchoirm a reáchtáladh ar bhruach na Bóinne?

duille ticéid *ticket counterfoil*
maíomh = gaisce a dhéanamh de rud *boast*

Ceisteanna

1 Cathain a reáchtáladh an chéad cheolchoirm phoiblí ag Caisleán Lord Mount Charles i mBaile Shláine?

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**
© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir
a chur ar fáil

2 Cé mhéad duille ticéid do cheolchoirmeacha i mBaile Shláine atá ag an bhfear a luaitear sa sliocht?
3 Conas a léirítear go bhfuil an fear sin sásta go bhfuil na duillí ticéid sin aige?
4 Cén freagra a thabharfá féin ar an gceist ag deireadh an ailt?

Taighde daoibh!

An féidir libh teacht ar fhreagraí ar na ceisteanna seo?

- Ainmnigh cúpla baile mór atá gar do Bhaile Shláine.
- Conas a théann daoine chuig na ceolchoirmeacha ann?
- An bhfuil stáisiún traenach ann?
- An bhfuil óstán nó brú ann?
- An mbíonn cead ag daoine campáil ann?
- Cé mhéad duine a fhreastalaíonn ar cheolchoirm ann de ghnáth?
- An bhfuil aithne agat ar aon duine a bhí ann?
- An bhfuil sé costasach freastal ar cheolchoirm dá leithéid?
- Céard iad na grúpaí deireanacha a sheinn ag ceolchoirm i mBaile Shláine?

Grianghrafadóireacht

Is beag fón póca gan cheamara atá ann anois. Glactar na mílte grianghraf lá i ndiaidh lae – agus seoltar a lán acu ar fud an domhain laistigh de shoicind. Ar ndóigh, ní bhíonn an caighdeán grianghrafadóireachta ró-ard ina lán de na pictiúir sin!

Go deimhin, tá tionscal mór fótagrafaíochta ann anois, nach bhfuil baint d'aon sórt aige le fón póca. Agus is iomaí duine a bhíonn breá sásta airgead mór a chaitheamh ar cheamara maith.

Go bunúsach, ciallaíonn an focal grianghrafadóireacht a bheith ag 'scríobh le solas na gréine'. Ar nós na gnáthscríbhneoireachta, is iomaí athrú atá tagtha ar ghrianghrafadóireacht. Tuigimid ar fad an tábhacht a bhaineann le solas chun pictiúr ceart a thógáil, ach ar smaoinigh tú riamh ar an gcaoi ar tháinig daoine ar an tuiscint sin an chéad uair riamh?

Is cinnte go bhfuil seancheamaraí feicthe ag an gcuid is mó agann – agus an chéad rud a thugaimid faoi deara ná chomh mór is a bhídís. Is iomaí saghas ceamara a bhí ann thar na blianta, idir chinn mhóra agus cinn bheaga, áfach. Nuair a bhí ár seantuismitheoirí óg, bhídís in ann ceamara aonúsáide a cheannach ar phraghas réasúnta maith!

grianghraf *photograph*

Ceisteanna

1 An fíor go seoltar grianghraif ar fud an domhain ó ghutháin phóca?
2 An mbíonn tionscal na grianghrafadóireachta ag brath ar fhóin phóca?
3 Mínigh an focal *grianghrafadóireacht*.
4 Céard iad na difríochtaí is mó idir seancheamaraí agus ceamaraí an lae inniu, dar leat?

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Obair bhreise

- Ag obair in bhur mbeirteanna scríobhaigí amach cúig cheist faoi stair na grianghrafadóireachta.
- Cuirigí na ceisteanna sin i gcomparáid le ceisteanna beirte eile.
- An bhfuil freagraí agaibh ar na ceisteanna sin? Cad iad?
- Is féidir tuilleadh eolais faoi ghrianghrafadóireacht a fháil ar líne ag Grianghrafadóireacht – Vicipéid. Bíodh spraoi agaibh!

Oideas daoibh!

Leagtar go leor béime na laethanta seo ar an tábhacht a bhaineann le bricfeasta folláin agus le go leor uisce a ól gach lá. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé éasca glacadh leis an gcomhairle sin, ní mar a shíltear bhítear! Is minic nach mbíonn an t-am – ná an fonn – orainn suí síos ar maidin chun bricfeasta ceart a ithe. Agus éiríonn daoine áirithe an-tuirseach d'uisce, cé go mbíonn fonn orthu an chomhairle faoi go leor uisce a choinneáil sa chorp a leanúint.

Má thaitníonn bananaí leat, b'fhéidir gur mhaith leat triail a bhaint as an oideas thíos. Bíonn creathán bainne tapa agus blasta mar bhricfeasta agus, ar ndóigh, cabhraíonn sé linn uisce a choinneáil sa chorp. Is deas an deoch é freisin, díreach tar éis duit filleadh abhaile ón scoil um thráthnóna.

Comhábhair

- 8 n-unsa leachtach bainne (Is féidir bainne bó, gabhair, coirce nó almóinne a úsáid.)
- 1 banana (an craiceann bainte de agus é gearrtha ina sliseanna)
- ciúb oighir
- 1 spúnóg bhoird meala

Modh

- Cuir na comhábhair ar fad isteach sa chumascóir agus measc le chéile iad ar feadh nóiméid.

- Doirt an creathán bainne isteach i ngloine agus bain taitneamh as!

Obair bheirte

Léadh duine agaibh na ceisteanna seo amach os ard, ceann ar cheann, agus freagraíodh an duine eile iad.

(Mar chúnamh daoibh tá liosta torthaí ar fáil thíos faoi na ceisteanna.)

1 An dtaitníonn creathán bainne nó caoineog leat? Cén fáth?
2 An ndearna tú creathán bainne nó caoineog riamh?
3 Cén sórt torthaí is fearr i gcaoineog, dar leat?
4 Cé acu is fearr, torthaí a ithe nó caoineog a dhéanamh astu?

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

5 Céard iad na torthaí is fearr leat féin?
piorraí oráistí bananaí aibreoga
sútha talún sútha craobh úlla
sméara dubha péitseoga mangónna
líomóidí fíonchaora

- An féidir libh cur leis an liosta torthaí? (Bainigí úsáid as focloir.ie más mian libh.)
- Céard iad na torthaí is mó a fhástar in Éirinn?

oideas *recipe* creathán bainne *milkshake*
leachtach bainne *liquid milk*
cumascóir *blender* caoineog *smoothie*

Eanáir ghruama?

1 Tá mí Eanáir buailte linn agus muid ag súil le gach saghas drochaimsire – báisteach, sioc, sneachta, gálaí, agus stoirmeacha! Tá na tráthnónta dorcha agus níl ardú meanman a thuilleadh i soilse na Nollag. Daoine ar easpa airgid de bharr an iomarca caitheachais um Nollaig!

2 Ach an é Eanáir an mhí is measa, dáiríre? Ní dóigh liom é! Bíonn gnéithe áille ag baint leis an am seo bliana – cótaí móra, scaifeanna fada, caipíní cluthara; lámhainní olla, anraith blasta; béilí spíosracha, seacláid the, tine oscailte, tolg compordach, leaba theolaí.

3 Chomh maith leis sin, bíonn áilleacht faoi leith ag baint leis an dúlra sa chéad mhí den bhliain. Bíonn an tírdhreach éagsúil agus mealltach toisc loime na gcrann. Nach álainn an radharc iad na plúiríní sneachta! Má bhreathnaítear go cúramach, feictear bláthú cheana féin ar roinnt crann. Agus nach iontach an rud é siúl cois trá agus neart na farraige a fheiceáil ag an am seo den bhliain?

4 Thar aon ní eile, baineann dóchas le mí Eanáir. Tús nua. Dúshláin nua. Eachtraí nua. Ag an am seo den bhliain, déanann daoine amach liostaí. Leagtar síos pleananna. Roghnaítear áiteanna saoire. Labhraítear faoi na deiseanna nua a bheidh romhainn amach. Ligimis don dóchas ár gcroíthe a líonadh le háthas is le suaimhneas!

cluthar = fothainiúil, compordach, teolaí

Ceisteanna

1 Luaigh na míbhuntáistí is mó a bhaineann le tús na bliana.
2 Breac síos na nithe taitneamhacha a bhaineann le mí Eanáir, dar leis an údar.
3 Céard iad na comharthaí dóchais a luaitear?
4 Cad é do thuairimse faoi mhí Eanáir?

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**
© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Obair bhreise

- Cuirigí deich gcinn de na híomhánna a luaitear sa dara halt den sliocht in abairtí a léireoidh a mbrí.
- Roghnaígí séasúr eile agus déan amach liosta mar atá in alt a dó, ag ríomhadh buntáistí an tséasúir atá roghnaithe agaibh.
- An féidir libh aon mhíbhuntáistí a bhaineann leis an séasúr atá roghnaithe agaibh a liostáil?

Tréithe!



Smaoinigh ar na daoine ar fad a bhfuil aithne agat orthu agus ainmnigh duine do gach tréith thíos. (Beidh go leor daoine á n-ainmniú agat!)

foighneach	*cúramach*	*cúthail*
spórtúil	*leisciúil*	*fuinniúil*
néata	*tuisceanach*	*suimiúil*
eagraithe	*cainteach*	*dáiríre*
greannmhar	*glórach*	*grámhar*
carthanach	*drochbhéasach*	*mothúchánach*
díograiseach	*láidir*	*neirbhíseach*
ciúin	*muiníneach*	*gealgháireach*

Cúpla rabhlóg daoibh!

Cé chomh tapa agus is féidir libh na rabhlóga thíos a rá?

Fear feargach ag faire na farraige fuaire.

Cearc ag piocadh piobair de phláta Pheadair!

Seanfhocail!

An bhfuil na seanfhocail seo ar eolas agaibh? Pléigí le chéile iad agus bainigí úsáid as teanglann.ie más gá.

- Tús maith, leath na hoibre.
- Bíonn an siúlach scéalach.
- Marbh ag tae is marbh gan é.
- Is binn béal ina thost.
- Nuair a bhíonn an bolg lán, is maith leis na cnámha síneadh.
- Is minic a bhris beál duine a shrón.
- Déan an fál nó iocfaidh tú foghail.
- An rud nach mbaineann duit ná bain dó.
- Ni théann cuileog sa bhéal a bhíonn dúnta.
- Más maith leat síocháin, cairdeas agus moladh, éist, feic, agus fan balbh!

- An té nach bhfuil láidir ní foláir dó a bheith glic.
- Ná bris do loirgín ar stól nach bhfuil i do shlí.
- Dia linn is deoch – is ná ráibh muid riamh bocht.
- Go bhfága Dia do shláinte agat.
- Ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht.
- Ní neart go cur le chéile.
- Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
- Bíonn caora dhubh ar an tréad is gile.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Treabhsair Palazzo

Tá faisean na seachtóidí ar na sráideanna arís! Nach álainn iad na treabhsair leathana atá le feiceáil ar dhaoine óga? An dtaitníonn siad libh? Céard iad na dathanna nó na patrúin is fearr libh?

Ón taobh tuathail amach!

Tá an ceacht seo bunaithe ar an amhrán 'Ón Taobh Tuathail Amach' atá ar fáil anseo

Sula n-éisteann tú leis, smaoinigh ar an teideal 'Ón Taobh Tuathail Amach'. (Seiceáil in focloir.ie mura bhfuil tú cinnte faoi bhrí na bhfocal). Cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an amhrán seo?

Anois, éist leis an amhrán cúpla uair agus déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis an bhfocal ceart ón mbosca.

dóthain	namhaid
troid	chéile
eagla	fonn
leasa	deireadh

Ón taobh tuathail amach

Ná bí ag troid liom anois
Nó ní do _____ mé;
Ná bí ag troid liom anois is
Tuigfidh tú sa _____ thiar thall nach do namhaid mé (2)

Cúrfa
Ón taobh tuathail amach
Níor mhaith liom _____ arís
Ón taobh tuathail amach (2)

Mar throid mé liom féin
Throid mé le Dia,
Throid mé le mo shaol
Agus throid mé léi
Throid mé le mo _____,
Throid mé é
Throid mé chomh minic sin gur chuir mé _____ orm féin.
Ná cuir ag troid mé arís
Ní chun mo _____ é
Ná cuir ag troid mé arís
Mar níl aon _____ orm an t-anam atá agam
A chur amú i mo shaol. (2)

Cúrfa

Ó, in ainm Dé
Coinnigí an tsíocháin, déanfaidh muidne fás i ngach aon slí
Coinnigí an tsíocháin, tá _____ le déanamh cheana féin;
Coinnigí an tsíocháin, tá athrú ar an domhan amuigh le déanaí
Coinnigí an tsíocháin, sara nglacann muid an dara céim.

© Gael Linn Splanc | 2021-2022

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Ceisteanna le plé sa rang

1 Cén cineál ceoil é seo? (ceol traidisiúnta, popcheol, rac-cheol, etc)
2 An bhfuil aon bhanna ceoil eile ar eolas agat a chumann ceol sa stíl seo?
3 Cad iad na huirlisí ceoil is mó a úsáidtear san amhrán seo? An bhfuil siad éifeachtach?
4 Cad é teachtaireacht an amhráin? Cad tá an t-amhrán ag iarraidh a rá linn?

Machnamh

Throid mé chomh minic sin gur chuir mé eagla orm féin.

- Cad tá an t-amhránaí ag iarraidh ag rá anseo? Roinn do chuid tuairimí leis an rang.
- An féidir leat smaoineamh ar shamplaí eile sa saol nuair a bhíonn ceangal idir an troid agus an eagla?
- Ar thaitin an t-amhrán seo leat?

Bí ag obair le triúr nó ceathrar eile. Samhlaígí go bhfuil sibh mar mholtóirí i gcomórtas ceoil. Bígí ag plé an amhráin faoi na rannóga seo thíos agus aontaigí ar mharc amach as 10 do gach rannóg.

- an ceol
- an físeán
- teachtaireacht an amhráin
- an sult a bhainfeadh daoine óga as

Cuirigí na marcanna ó bhur ngrúpa i gcomparáid leis na marcanna ó ghrúpaí eile sa rang.

Taighde

Is é an grúpa *Kíla* a scríobh agus a chan an t-amhrán seo. Déan píosa taighde ar an idirlíon agus aimsigh amhráin eile de chuid *Kíla* agus faigh eolas faoin mbanna féin. Scríobh alt fúthu.

Tionscadal ranga

- Cruthaigh físeán nua don amhrán seo.
- Cén sórt íomhánna a bheadh oiriúnach le taispeáint ar an bhfíseán? Bailigh íomhánna ón idirlíon.
- Is féidir an ceol a íoslódáil ó *Spotify*, *Soundcloud*, nó *YouTube*. Cruthaigh físeán ar *TikTok*, *iMovie*, *Zoom* nó ar do fón póca ag baint úsáide as an gceol agus as na híomhánna atá roghnaithe agat.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

An cócaire nó báicéir thú?

Bíodh grá nó fuath agat dóibh, craoltar raidhse mhór cláir chócaireachta na laethanta seo. B'fhéidir go mbaineann tú taitneamh as féachaint ar bhia blasta á ullmhú nó b'fhéidir gur maith leat an teannas nuair a bhíonn iomaíocht ghéar idir chócairí. Ghlac páistí chomh hóg le deich mbliana d'aois páirt in *MasterChef Junior* thar na blianta – agus ní raibh cead acu fiú oideas cócaireachta a úsáid sa chomórtas riamh!

Mar sin, níl leithscéal ar bith agat féin agus tú san idirbhliain gan do scileanna cócaireachta nó bácála a fheabhsú. Ansin, d'fhéadfá cur isteach ar chomórtas thú féin! Le dhá bhliain anuas, tá *Kenwood* tar éis urraíocht a dhéanamh ar chomórtais bhácála do dhaltaí dara leibhéal. Bíonn dhá aoisghrúpa i gceist, sóisir agus sinsir. Chuir 800 dalta isteach ar an gcomórtas anuraidh agus bhí orthu cáca aon sraithe a bhácáil, bunaithe ar an téama, brionglóidí.

Bí ag faire amach don spriocdháta i mbliana. Bheadh do mhúinteoir eacnamaíocht bhaile breá sásta leat dá mbuafá fearas cócaireachta don scoil! Agus bheadh meascthóir agat féin mar dhuais.

urraíocht *sponsorship* meascthóir *beater*
i réim = i gcumhacht

Comhrá beirte

- Ar bhácáil tú aon rud riamh? Insígí dá chéile faoi.
- An bhféachann éinne i do theaghlach ar chlár cócaireachta? Cén ceann? Bíodh comhrá agaibh faoi sin.
- An gcuirfeá féin isteach ar chomórtas *Kenwood*? Tugaigí freagraí sásúla dá chéile.

Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise!

Fáilte roimh 2022! Bliain nua ag tosú lán d'fhéidearthachtaí agus de dhóchas. Is í an cheist is mó a chuirtear an t-am seo den bhliain ná – an ndearna tú aon rún don bhliain nua?

Bhuel, bheifeá ag déanamh aithrise ar na Bablónaigh a thosaigh nós an-chosúil leis sin 4,000 bliain ó shin! Tá difríochtaí suntasacha i gceist, áfach. Sa tsibhialtacht ársa sin, thosaíodh an bhliain nua i lár mhí an Mhárta, nuair a bhíodh na barra á gcur. Ansin, chorónaítí rí nua nó d'athghealladh na Bablónaigh a ndílseacht don rí a bheadh ag leanúint i réim.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Chaití dhá lá dhéag ag ceiliúradh agus, lena linn sin, ghealladh na daoine do na déithe págánacha go n-íocfaidís a bhfiacha agus go dtabharfaidís ar ais aon rud a bhí faighte ar iasacht acu ó dhaoine eile. Ar ndóigh, chreid na daoine, dá gcomhlíonfaidís a rúin, go mbronnfadh na déithe maitheas orthu i rith na bliana nua. Mura gcomhlíonfaidís iad, bheidís i bponc!

Níl brú ar aon duine sa lá atá inniu ann rún a dhéanamh ná rún a chomhlíonadh. Is rogha phearsanta é, ach is minic a spreagann sé daoine chun feabhas a chur orthu féin. An bhfuil rún déanta agatsa?

corónaigh *crown* féidearthacht *possibility*
ársa = sean

Tasc

Aimsigh 25 bhriathar sa sliocht agus déan liosta díobh.

Fáilte roimh chuairteoirí!

Nuair a chuireann 40,000 duine iarratas isteach ar phost amháin, is cinnte go mbíonn sé an-deacair ar fad an bheirt is fearr a roghnú. Ach b'in mar a bhí an scéal ag Billy nuair a d'fhógair sé post d'fheighlithe don Bhlascaod Mór, Contae Chiarraí.

Tréigeadh an t-oileán sa bhliain 1953, ach bhí cúpla teach ar an oileán deisithe agus maisithe ag Billy agus theastaigh uaidh iad a ligean ar cíos do thurasóirí don samhradh.

I mbliana, chuir Niamh as Luimneach agus Jack ón bhFrainc iarratas isteach agus tar éis agallamh ar líne a dhéanamh le Billy, d'éirigh leo an post a fháil. Chaith an lánúin óg an samhradh ar an mBlascaod Mór ag réiteach na dtithe do na haíonna agus ag tabhairt aire don chaifé ann. Dúshlánach go leor gan leictreachas ar bith ar an oileán!

Díreach cosúil le Annie agus Eoin a d'fhág Baile Átha Cliath le bheith ina bhfeighlithe ar an mBlascaod sa bhliain 2020, agus Lesley agus Gordon sa bhliain 2019, bhain áilleacht an oileáin an anáil astu. "Neamh ar thalamh," arsa duine acu "nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh agus an fharraige ina clár."

feighlí *minder, overseer*
dúshlánach *challenging*
an fharraige ina clár = an mhuir ciúin, leibhéalta

Déan taighde

- Tarraing léarscáil na hÉireann leis na hoileáin thart air agus ainmnigh as Gaeilge iad.
- Aimsigh roinnt eolais faoi scríbhneoir amháin a mhair ar an mBlascaod Mór.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Dóchas sna réaltaí?

Is é an Gabhar do chomhartha Stoidiaca má thiteann do bhreithlá idir an chéad agus an naoú lá déag d'Eanáir. Deirtear go mbíonn lucht an Ghabhair uaillmhianach, iontaofa, greannmhar, ciúin, agus dea-bhéasach.

Baineann an tUisceadóir leat má rugadh thú idir an fichiú agus an t-aonú lá is tríocha d'Eanáir. Deirtear go mbíonn na daoine seo intleachtúil agus cabhrach – agus suim acu sa pholaitíocht agus i rudaí a athrú. Is aoibhinn leo saoirse.



Ceiliúrfaidh mórán daoine cáiliúla a mbreithlá i mí Eanáir i mbliana. Rugadh an ceoltóir, Elvis Presley, an dórnálaí, Muhammad Ali, an tUachtarán Franklin D Roosevelt, agus an fisiceoir, Stephen Hawking ag an tráth seo bliana.
I ndomhan an spóirt, ceiliúrann na tiománaithe *Formula One*, Lewis Hamilton agus Michael Schumacher, ag an am seo – chomh maith leis na bainisteoirí sacair, José Mourinho agus Pep Guardiola. Saolaíodh na haisteoirí, Angourie Rice, Rowan Atkinson (*Mr Bean*) agus Bradley Cooper i mí Eanáir fresin. Ar aon dul leo siúd, tá Jeff Bezos, a bhunaigh an comhlacht cáiliúil *Amazon.com* (64 bliana d'aois) agus Greta Thunberg (19 mbliana d'aois).

I measc na nÉireannach a bheidh ag ceiliúradh le linn na míosa seo beidh Leo Varadkar, Vogue Williams, agus Kathryn Thomas. Breithlá sona daoibh go léir!

Stoidiaca *Zodiac* uaillmhianach *ambitious*
iontaofa = macánta *trustworthy*
Saighdeoir *Sagittarius* Cúpla *Gemini*
Gabhar *Capricorn* Scairp *Scorpion*
Maighdean *Virgo* Éisc *Pisces*
Meá *Libra* Reithe *Aries* Leon *Leo*
Portán *Cancer* Tarbh *Taurus*
Uisceadóir *Aquarius*

Dúshlán duit

Cuir comharthaí an Stoidiaca san ord ceart ar an ngreille thíos.

An Saighdeoir *An Cúpla* *An Gabhar*
An Scairp *An tUisceadóir* *An Mheá*
Na hÉisc *An Mhaighdean* *An Reithe*
An Leon *An Portán* *An Tarbh*

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

1	**7**
2	**8**
3	**9**
4	**10**
5	**11**
6	**12**

Freagra ag an deireadh!

Gan aon dabht!

“Ar thug tú do bhosca lóin abhaile leat?” arsa Mam le Rían.

“Ó,” a d’fhreagair sé, “d’fhág mé i mo dhiaidh é san oifig.”

“D’fhágfá do cheann i do dhiaidh murach go bhfuil sé ceangailte de do chorp!” arsa Mam go searbhasach.

Chun an fhírinne a insint, bhíodh Rían i gcónaí ag fágáil rudaí ina dhiaidh nó ag cailleadh rudaí. Bhí Mam bréan de, ach ní fhéadfadh sí a chur ina luí air a bheith ní ba chúramaí. Aon rud a bhí ráite aici leis go dtí seo, ní dhearna sé difríocht ar bith.

“An bhfaca tú m’fhón?” arsa Rían léi ansin.

“Ar fhág tú sa charr é?” arsa Mam, ag dul amach chun cabhrú leis.

Chuardaigh siad an carr, ach ní raibh tásc na tuairisc de. Tharraing Mam a fón féin amach chun uimhir Ríain a dhiailiú. Díreach ansin chuala siad clingthon Ríain.

Gan dabht, bhí an fón áit éigin sa charr. Bhog siad na suíocháin chun féachaint fúthu. Faic na fríde! D’ardaigh siad na mataí, ach an scéal céanna a bhí ann.

Tharraing siad amach gach rud a bhí sa bhúit – málaí siopadóireachta, cathaoireacha trá, an ruga picnice. Ní raibh an fón ann. Dhiailigh Mam an uimhir arís agus chuala siad an fón ag bualadh arís!
Caithfidh gur thit sé síos áit éigin cúng, róchúng do mhéara duine. Bheadh orthu an carr a thabhairt go dtí an garáiste chun an fón a aimsiú. Bheadh sé costasach, gan trácht ar an náire a bheadh orthu!

Cancrach agus cráite, stad Mam den chuardach. Tharraing sí a ceann amach as an mbúit chun féachaint ar an bpraiseach a bhí timpeall uirthi ar an gcosán. Thosaigh sí ag smaoineamh go bhfoghlaimeodh Rían ceacht tábhachtach, go dtabharfadh sé ní ba mhó aire dá chuid rudaí as sin amach. Ba ansin a chonaic sí é – fón Ríain – ina luí ar dhíon an chairr!

clingthon *ringtone* cancrach = crosta, cantalach
searbhasach = ciniciúil

Cait Chill Chainnigh

As seo amach beidh cúis iontach agat cuairt a thabhairt ar Chill Chainnigh. Bunaithe ar charachtar *Pangur Bán* ón scannán fantaisíochta, *The Secret of Kells*, d’oibrigh ealaíontóirí ar aon dealbh is fiche de chait agus tá siad le feiceáil ar fud na cathrach ar chosán ar a dtugtar ‘Siúlóid na gCat’.

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Ní gnáthchait iad, mar tá gach cat cúig troithe ar airde agus déanta as snáithín gloine! Is féidir aip a íoslódáil chun an cosán a leanúint ar léarscáil idirghníomhach idir seo agus an Cháisc. Tá dhá chat suite in aice le Caisleán Chill Chainnigh – 'Pangur Bán' é féin i ngairdín na rós agus 'Pangur a Lán' sa chlós. Ar ndóigh, tá cat faoi leith tiomnaithe do Chontae Chill Chainnigh agus é maisithe i ndubh agus ómra.

Téigh go www.kilkennycatwalk.ie agus aimsigh pictiúir agus ainmneacha na gcat. Athainmnigh iad as Gaeilge!

Pangur Bán – Cérbh é?

Ba chat é Pangur Bán agus ba le manach é sa naoú haois. Scríobh an manach céanna dán dar teideal *Pangur Bán*, ina ndearna sé comparáid idir a chuid oibre féin (scríbhneoireacht) agus gníomhaíochtaí a chait. Fuarthas an dán i lámhscríbhinn i Mainistir Reichenau, sa Ghearmáin. Bhí téacsanna gramadaí Gréigise agus Laidine sa lámhscríbhinn chomh maith le cúpla dán eile. Seo chugat an chéad cúpla líne.

Messe ocus Pangur Bán,
cechtar nathar fri saindán:
bíth a menma-sam fri seilgg,
mu menma céin im saincheirdd

Agus leagan nua-aimseartha!
Mise agus Pangur Bán,
ceachtar againn lena shain-dhán:
bíonn a mheanma-san le seilg,
mo mheanma féin i mo shain-cheird.

snáithín *fibre* idirghníomhach *interactive*
tiomnaithe = curtha faoi choimirce *dedicated*
ómra *amber*

Bain úsáid as do chumas ealaíne chun *Messe ocus Pangur Bán* a scríobh amach.

Bliain Nua na Síneach

Tosóidh Bliain Nua na Síneach ar an gcéad lá d'Fheabhra 2022 – agus ní ar an gcéad lá d'Eanáir 2022. Athraíonn dáta na bliana nua bunaithe ar fhéilire na gealaí, ach tosaíonn sí i gcónai idir 21 Eanáir agus 20 Feabhra.

Is í 2022 Bliain an Tíogair. Ainmhí atá cumhachtach agus cróga is ea an tíogar. Mar chuid de na hullmhúcháin don bhliain nua, glantar tithe agus árasáin ó bhun go barr chun deireadh a chur le mí-ádh na seanbhliana. Maisítear na sráideanna agus na foirgnimh i ndearg, go háirithe le laindéir dhearga. Tugtar bronntanais de chlúdaigh litreach dhearga fresin. Seasann dearg do shaibhreas, cháil, agus rathúnas.

laindéar = solas *lantern*
rathúnas = saibhreas, flúirse

- **Aimsigh an frása 'Athbhliain faoi shéan is faoi mhaise' i Sínis. Ansin scríobh amach an frása sin sna teangacha go léir atá ar eolas agat.**

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

Ar fud an domhain – Eanáir 2006

- Ar Lá Caille 2006, shroich an teocht 45 chéim Celsius in Sydney!



- Tharla crith talún cóngarach d'Oileán Kythira sa Ghréig. Shroich sé 6.9 ar an scála Richter.
- Toghadh Ellen Johnson-Sirleaf mar Uachtarán sa Libéir. Ba í an chéad bhean san Afraic leis an ról sin.

- Chuir *NASA* an taiscéalaí *New Horizons* ar a chéad mhisean spáis go Plútón.
- Eisíodh an scannán teilifíse *High School Musical* agus thit na mílte i ngrá leis an bpríomhaisteoir, Zac Efron!



- D'aontaigh Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus Cumann Rugbaí na hÉireann go n-imreofaí sacar agus rugbaí i bPáirc an Chrócaigh.

Lá Caille *New Year's Day*
taiscéalaí *explorer*

Déan taighde ar ar tharla sa domhan ag an am a rugadh thú féin.

Dúshlán duit! – Freagra

1 An Gabhar	**7** An Portán
2 An tUisceadóir	**8** An Leon
3 Na hÉisc	**9** An Mhaighdean
4 An Reithe	**10** An Mheá
5 An Tarbh	**11** An Scairp
6 An Cúpla	**12** An Saighdeoir

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil

© Gael Linn **Splanc | 2021-2022**

© Buíochas le Shutterstock.com as ucht pictiúir a chur ar fáil